



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

Tionscadal Pobail Éire Ildánach – gairm ar iarratais 2024

Eolas faoin Deontas

1. Réamhrá

Féachann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, le tacaíocht airgeadais ón gclár Éire Ildánach, le deontais a bhronnadh ar phobail agus ar ealaíontóirí a oibríonn le chéile chun **gnéithe d'oidhreacht Uíbh Fhailí a iniúchadh agus a chur i láthair trí fhoirmeacha éagsúla ealaíne**. Beidh réimse deontas ar fáil, ó dheontais ghorlainne go deontais seachadta tionscadal. Féadfaidh tionscadail a bheith **céimnithe thar chúpla bliain¹**, ag déanamh coincheapa a fhiosrú agus caidrimh a fhorbairt idir an t-ealaíontóir agus an pobal sa chéad bhliain agus ag tógáil air seo sna blianta ina dhiaidh sin.

Áirítear le hoidhreacht na nithe seo a leanas - séadchomharthaí, réada seandálaíochta, réada oidhreachta lena n-áirítear cartlanna, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, uiscebhealaí intíre, béaloideas, agus stair áitiúil.

Ó thaobh ealaíne de, áirítear léiriú cruthaitheach nó léirmhínte ar bith (cibé acu traidisiúnta nó comhaimseartha) i cibé foirm ealaíne, lena n-áirítear; na hamharcealaíona, amharclannaíocht, litríocht, ceol, rince, ceoldráma, scannánaíocht, an sorcas agus ailtireacht, agus cuimsítear ann meán ar bith a úsáidtear laistigh de na foirmeacha ealaíne sin.

2. Comhthéacs

Is é Éire Ildánach Clár Oidhreacht an Rialtais d'Éirinn 2016. Is féidir an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-27 a fheiceáil ar <https://www.creativeireland.gov.ie/ga/creative-communities/offaly>

Tá comhoibriú ag croílár Chlár Éire Ildánach – idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil; idir oidhreacht, ealaíon, cultúr, agus tionscal; idir ealaíontóirí, pobail, agus lucht déanta beartas – chun cultúr cruthaitheachta a éascú. Tagann an tionscadal seo, a tharraingíonn oidhreacht, na healaíona, leabharlanna, pobail agus ealaíontóirí le chéile, go díreach le *Colún a Dó den chlár Éire Ildánach, Cruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal*. Féach <http://creativeireland.ie/>. Tá gréasán bríomhar leabharlainne sa chontae ar féidir é a úsáid mar acmhainn mar chuid den ghlaio seo.

3. Buiséid agus airgeadas

Samhlaítear go mbeidh na deontais sa raon €250 - €1,500 do dheontais iniúchta coincheapa/deontais ghorlainne agus chun obair na n-ealaíontóirí leis an bpobal a fhorbairt – suas go €8000 le haghaidh deontais iomlána seachadta tionscadal.

Táthar ag súil go dtabharfar tacaíocht do raon tionscadal ar luach €2,500, €5,000 agus i gcásanna eisceachtúla €8,000 iad.

¹ Faoi réir mhaoiniú Éire Ildánach a bheith ar fáil go bliantúil

- Cuimsíonn na deontais gach costas, táillí, iompar, speansais, ábhair, árachas, seirbhísí a theastaíonn, mar aon le CBL ar bith a bheith dlite. Tabhair faoi deara nach gclúdóidh deontais costais chaipitiúla.
- Caithfidh Uimhir Imréitigh Cánach/uimhir rochtana bhailí, cuntas bainc (ní cuntas comhar creidmheasa) in ainm an ghrúpa agus teagmhálaí ríomhphoist a bheith ag gach grúpa/duine aonair a mbronntar deontas orthu.
- **Caithfear** miondealú mionsonraithe ar na costais a bhaineann le gach eilimint den tionscadal a chur isteach ar d'iarratas. Is riachtanach é seo chun d'iarratas ar dheontas a mheasúnú.
- Bronnfar deontais bunaithe ar phraghas seasta, agus mar sin, ní mór na costais go léir a lua (agus a léiriú go soiléir) mar phraghas seasta in Euro. **Ní íocfar aon mhéid airgid eile sa bhreis ar an méid idirbheartaithe.**

4. Clár Ama

- Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil ná **meán lae Dé hAoine, 23 Feabhra 2024**.
- Cuirfear tairiscintí in iúl do phobail/ealaíontóirí a n-éireoidh leo deontas a fháil faoi mhí an Mhárta. Agus an t-eolas ar fad atá ag teastáil ó Éire Ildánach curtha isteach, eiseofar tairiscint fhoirmiúil.
- Ní mór an tionscadal a chur i gerích agus an fhaisnéis riachtanach (tuarascáil, sonraisc, líon an lucht féachana, na healaíontóirí a fostaíodh, agus 3 ghrianghraf mar aon le toiliú na ndaoine sna grianghraif) a chur isteach faoi **dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024**.

5. Próiseas Roghnúcháin

- Áireofar ar an bpainéal roghnúcháin ionadaithe ó Fhoireann Cultúir Uíbh Fhailí. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach <https://www.creativeireland.gov.ie/ga/creative-communities/offaly>
- Coimeádaimid an ceart chun soiléireacht faisnéise a lorg nó chun athmhachnamh a dhéanamh ar ghnéithe amhail nósanna imeachta seachadta, buiséad, sceideal ama nó fachtóirí ar bith dá leithéid a mheastar a bheith riachtanach chun toradh rathúil a bhaint amach.
- Coimeádaimid an ceart gan dul ar aghaidh le togra ar bith faoin gcuireadh seo agus breathnú a dhéanamh ar bhearta cuí eile.
- Is cinneadh críochnaitheach cinneadh an phainéil roghnúcháin.

6. Na Critéir Mheasúnaithe

Is próiseas iomaíoch é seo, agus déanfar do thogra a mheas faoi na critéir seo a leanas:

- **Teagmháil Pobail** – meastachán ar an spriocghrúpa agus ar an méid teagmhála a rinneadh leis an bpobal. (25 marc)
- Léiriú a dhéanamh ar an dinimic a bhaineann le **leas a bhaint as cur chuige ealaíne chun gné den oidhreacht a iniúchadh agus a chur in iúl**. (25 marc)
- **Cáilíocht ealaíne, cruthaitheacht agus úrnuacht an togra** ar bhonn aonair, agus tagairt á déanamh d'iarratasóirí iomaíocha eile agus don mhionteagasc. (25 marc)
- **Féidearthacht an choimisiúin**, e.g. am/buiséad/ agus cuntas teiste an phobail/ an ealaíontóra thaobh tionscadail a sheachadadh (25 marc)

7. Coinníollacha an Chonartha

- Ní mór gach gníomhaíocht oibre a dhéanamh de réir na dTreoirínte agus na Reachtaíochta reatha um Shláinte agus Sábháilteacht.
- Beidh ar na grúpaí pobail/ealaíontóirí a n-éireoidh leo deontas a fháil eolas chun dáta a chur ar fáil ar bhonn rialta d'fhoireann Éire Ildánach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.
- Ní bheidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi dhliteanas i leith costas ar bith eile a thabhóidh an grúpa pobail/na healaíontóirí.
- Geallann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a dícheall a dhéanamh chun faisnéis rúnda agus íogair ó thaobh na tráchtála de a sholáthraítear san iarratas seo a chosaint faoi réir oibleagáidí na Comhairle faoin Dlí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 san áireamh. Más mian leat nach nochtfaí aon chuid den fhaisnéis a sholáthraítear de bharr a íogaire atá sí, ba cheart é sin a chur in iúl agus an fhaisnéis á soláthar agus na cúiseanna a bhaineann lena híogaireacht a shonrú. Má éiríonn le d'iarratas, beidh an praghas, mar chuid den ghnáthchleachtas, ar fáil don phobal lasmuigh de raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise.

Rachaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcomhairle leat maidir le scaoileadh faisnéise rúnda agus íogair ó thaobh na tráchtála de sula ndéanfar cinneadh ar aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear. Más rud é, tar éis do thuairimí a bhreithniú, go bhfuil Comhairle Chontae Uíbh Fhailí den tuairim gur cheart an fhaisnéis a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail; beidh an rogha agat achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gCoimisinéir Faisnéise. Tabhair faoi deara mura luann tú faisnéis mar fhaisnéis íogair agus cúiseanna tacaíochta a thabhairt léi, gur dócha go scaoilfear í mar fhreagra ar iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

- Éilítear faoi Bheartas Cosanta Leanaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí go mbeadh na Beartais um Chosaint Leanaí agus/nó na teastais iomchuí i bhfeidhm ag tionscadal ar bith a bhaineann le daoine óga. Nílimid in ann tionscadail nach bhfuil an dearbhú seo acu a mhaoiniú; mar sin, tá freagracht ar an eagraíocht a chinntiú go bhfuil an Oiliúint iomchuí um Chosaint Leanaí ag duine ar bith a fhostaíonn siad.

8. Conas Iarratas a Dhéanamh

Seol **doiciméad PDF amháin** den fhoirm iarratais chomhlánaithe chuig creativeculture@offalycoco.ie. Tabhair faoi deara gurb é 10 MB an t-uasmhéid iomlán atá ceadaithe don ríomhphost. Is é an t-iarratasóir atá freagrach as a chinntiú go bhfaightear ríomhphost. Moltar d'iarratasóirí ríomhphost ar leith a sheoladh gan ceangaltáin leis chun a dhearbhu go bhfaightear an t-iarratas. Ná glac leis go bhfuarthas é go dtí go bhfaightear ríomhphost deimhnithe!

Seol d'iarratas chuig

Gairm Oscailte ar Thionscadal Pobail Éire Ildánach

Seol ríomhphost chuig creativeculture@offalycoco.ie (uasmhéid an ríomhphost 10MB)

I gcás tuilleadh fiosrúcháin, seol ríomhphost chuig creativeculture@offalycoco.ie.